An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC/IN 0002/2023**

**Chuig: Údaráis Bainistíochta Scoileanna Aitheanta Bunleibhéil, Dara Leibhéil, Pobail, agus Cuimsitheacha, agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Leasú ar an Scéim Postroinnte do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta

## 1. Réamhrá

1.1 Cuireann an Nóta Eolais seo fostóirí ar an eolas faoi leasú ar Chiorclán 0041/2014 dar teideal: *'Scéim Postroinnte do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta'.*

1.2 Ba cheart gach rud a bhfuil sa Nóta Eolais seo a chur i bhfeidhm i dtaca le hiarratais ar phostroinnt don scoilbhliain 2023/24 agus as sin amach.

## 2. Sainmhínithe

2.1 Chun críche an Chiorcláin 0041/2014, tá sainmhíniú nua ar cad atá i gceist le 'post lánaimseartha', agus tá sé mar seo a leanas:-

*Is éard atá i gceist le 'post lánaimseartha' - '(i) post 1.0 Coibhéis Lánaimseartha (CLA) leithdháilte ar scoil, nó (ii) post 0.83 CLA leithdháilte ar scoil.'*

2.2 Leasaítear an sainmhíniú ar 'Cúntóir Riachtanas Speisialta i mbun Postroinnte' faoi Chiorclán 0041/2014 mar seo a leanas:-

*Is éard atá i gceist le 'Cúntóir Riachtanas Speisialta i mbun Postroinnte' – cúntóir riachtanas speisialta (i) a bhfuil post lánaimseartha á roinnt aige/aici ar bhonn 50:50 nó (ii) atá tar éis cur isteach ar a c(h)uid uaireanta a laghdú go 50% de líon na n-uaireanta a bhíonn i gceist le post lánaimseartha'.*

## 3. Bunús na Scéime

3.1 Leasaítear Alt 3.1 de Chiorclán 0041/2014 mar seo a leanas:

*'Féadann cúntóir riachtanas speisialta iarratas a chur isteach ar an bpost lánaimseartha atá aige/aici faoi láthair a roinnt ar bhonn 50:50, is é sin, le gur féidir leis/léi leath na n-uaireanta atá sé/sí ag obair faoi chonradh faoi láthair a oibriú'.*

*3.2* Leasaítear Alt 3.2 de Chiorclán 0041/2014 mar seo a leanas:

*Tá dhá rogha ann maidir le postroinnt a shocrú:*

· *Má tá beirt chúntóirí riachtanas speisialta sa scoil chéanna agus post lánaimseartha ag an mbeirt acu a bhfuil an líon céanna uaireanta oibre ag baint leis, is féidir leo iarratas a chur isteach ar an aon phost amháin a phostroinnt.*

· *Cuireann cúntóir riachtanas speisialta i scoil isteach ar phostroinnt, agus tá a f(h)ostóir sásta cúntóir riachtanas speisialta a earcú le haghaidh na n-uaireanta atá ar fáil ar chonradh (ar théarma seasta) a bhfuil cuspóir sonraithe ag baint leis.*

## 4. Pá/Seirbhís a Áireamh

4.1 Leasaítear Alt 8.1 de Chiorclán 0041/2014 mar seo a leanas:

*'Gheobhaidh cúntóir riachtanais speisialta i mbun postroinnte 50% den luach saothair a bhí le híoc leis/léi ina p(h)ost faoi chonradh, sular thug sé/sí faoi phostroinnt.*

## 5. Nóta Faisnéise a Scaipeadh

5.1 Cinntigh go scaiptear an Nóta Faisnéise seo do gach ball den Bhord Bainistíochta/de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird Cúntóirí Riachtanas Speisialta uile atá fostaithe agat ar an méid atá ann, agus iad siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

5.2 Ba cheart gach ceist faoin Nóta Faisnéise seo a chur ar an bhfostóir i dtosach agus é de rogha aige/aici dul i gcomhairle lena (h)eagraíocht ionadaíoch. Is féidir aon cheist eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie.

5.3 Is féidir teacht ar an Nóta Faisnéise seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.gov.ie

| | |
|---|---|
| **James Walsh** | **Aingeal Uí Chorcráin** |
| **Príomhoifigeach** | **Príomhoifigeach** |
| **Rannán Téarmaí & Coinníollacha do Mhúinteoirí/CRSanna** | **An Rannóg Oideachais Speisialta** |

**an 13 Márta 2023**